Aonad a Trí

3

# Mo Theaghlach agus Mo Chairde

## San aonad seo

**Foghlaimeoidh tú conas**/You will learn how to

| | |
|---|---|
| ➲ baill den teaghlach a ainmniú | 1.11, 1.13, 1.15 |
| ➲ cur síos a dhéanamh ar bhaill den teaghlach | 1.11, 1.13, 1.15 |
| ➲ an aidiacht shealbhach a thuiscint agus a úsáid i gceart | 2.1, 2.3, 2.4 |
| ➲ daoine a chomhaireamh i gceart | 1.7, 2.1, 2.3, 2.4 |
| ➲ cuntas a thabhairt ar thréithe daoine | 1.11, 1.13, 1.15, 2.3, 2.4 |
| ➲ cur síos a dhéanamh ar do chairde | 1.11, 1.13, 1.15, 2.3, 2.4 |
| ➲ postáil bhlag a scríobh | 1.25, 1.26, 1.28, 1.29, 2.2, 2.3, 2.4, 3.6 |

SAMPLACH

**Gheobhaidh tú amach faoi**/You will discover

| | |
|---|---|
| • na focail éagsúla a úsáidtear sa Ghaeilge do 'family' | 1.15 |
| • roinnt seanfhocal a bhaineann le téama an teaghlaigh | 2.6 |

PUNANN

**Mo Phunann**/My Portfolio

| | | |
|---|---|---|
| 3.1 | Scríobh próifíl de do theaghlach féin. | 1.25, 1.26, 2.4, 3.6 |
| 3.2 | Scríobh próifíl de chara leat. | 1.25, 1.26, 2.4, 3.6 |
| 3.3 | Cum postáil bhlag ina n-insíonn tú do do chuid léitheoirí faoi do shaol sa bhaile le do theaghlach. | 1.25, 1.26, 1.28, 1.29, 2.2, 2.3, 2.4, 3.6 |
| 3.4 | Scríobh dán nó amhrán faoi do chara nó faoi do chairde. | 1.14, 1.25, 1.26, 2.3, 2.4, 3.6 |

**Litríocht:** An gearrscéal 'Eachtraí Aoibhne' le Pól Ó Muirí

**3.5** Scríobh iontráil dialainne de chuid Aoibhne ina scríobhann sí faoina saol sa bhaile agus faoi na cúiseanna (*the causes*) a bhfuil baint aici leo.

1.25, 1.26, 1.28, 1.29, 2.2, 2.3, 2.4, 3.6

**3.6** **Tasc cumarsáideach** (Agallamh): Samhlaigh go bhfuil agallamh á chur ar Aoibheann do chlár raidió na scoile. Scríobh an t-agallamh sin in éineacht le dalta eile. Ansin cuirigí an t-agallamh i láthair an ranga. Déanaigí taifeadadh ar an agallamh.

1.12, 1.14, 1.25, 1.26, 2.3, 2.4, 3.6

Mo Theaghlach agus Mo Chairde



SAMPLE

# ÁBHAR


A Mo theaghlach . . . . . . . . . . 76

B Gaolta eile . . . . . . . . . . 81

C Feasacht teanga: Ag comhaireamh daoine . . . . . . . . . . 84

D Léamhthuiscintí . . . . . . . . . . 88

E Tréithe an teaghlaigh . . . . . . . . . . 92

F Mo chairde . . . . . . . . . . 94

G Ceapadóireacht: Blag a scríobh . . . . . . . . . . 98

H Litríocht: An gearrscéal 'Eachtraí Aoibhne' le Pól Ó Muirí . . . . 100

I Feasacht chultúrtha: Family – Is it 'An Teaghlach' or 'Clann' or 'Muintir' in Irish? . . . . . . . . . . 106

Súil Siar . . . . . . . . . . 110

# A Mo theaghlach

## 1. Éist!

(a) 27 **Éist leis na cuntais seo a leanas ar theaghlaigh éagsúla. Féach ar na grianghraif chun cuidiú leat.** *Listen to the following descriptions of various families. Look at the photographs to help you to understand the meaning.*

1.



Dia daoibh. Is mise Liam. Tá ceathrar i mo theaghlach. Máire is ainm do mo bhean chéile agus tá beirt pháistí againn darb ainm Caoimhe agus Corey.

2.



Bail ó Dhia oraibh go léir! Sinéad is ainm dom agus Peadar is ainm do m'fhear céile. Tá mac againn darb ainm Seán agus iníon darb ainm Áine. Sílim gur máthair mhaith mé.

3.



Haigh, a bhuachaillí agus a chailíní! Diolún an t-ainm atá orm. Tá cúigear i mo theaghlach: m'athair, mé féin, an cúpla, Rob agus Conchúr, agus mo dheirfiúr Muireann.

4.



Cén chaoi a bhfuil sibh? Caoimhe is ainm dom agus is páiste aonair mé. Bheadh sé go hiontach dá mbeadh deartháir agam! Cónaím le mo thuismitheoirí Allsún agus Cian. Tá cat bán againn darb ainm Pangur.

5.



Dia is Muire daoibh. Tony agus Peace is ainm dúinn agus is seantuismitheoirí sinn. Tá gariníon agus garmhac againn agus tá grá mór againn don bheirt acu.

SAMPLACH

**(b)** **Bí ag obair le dalta eile. Cuirigí na focail a bhfuil líne fúthu sna téacsanna (1–5) sa tábla Béarla/Gaeilge thíos. Tá na focail san ord ceart.**

| Béarla | Gaeilge | Béarla | Gaeilge |
|---|---|---|---|
| 1. my family | | 9. my sister | |
| 2. my wife | | 10. an only child | |
| 3. my husband | | 11. brother | |
| 4. son | | 12. my parents | |
| 5. daughter | | 13. cat | |
| 6. mother | | 14. grandparents | |
| 7. my father | | 15. grandaughter | |
| 8. twins | | 16. grandson | |

SAMPLACH

## 2. Feasacht teanga

### AN AIDIACHT SHEALBHACH LE CONSAIN

Ar thug tú faoi deara go bhfuil an focal beag **mo** luaite cúig huaire sna téacsanna 1–5 agus go bhfuil **m'** luaite ann faoi dhó? *Did you notice that the little word* ***mo*** *appears in texts 1–5 six times and that* ***m'*** *appears twice?*

Mo theaghlach, mo bhean chéile, m'fhear céile, m'athair, mo dheirfiúr agus mo thuismitheoirí.

Is samplaí iad seo den **aidiacht shealbhach** (*the possessive adjective*). Féach air seo:

| Uimhir Uatha/Singular | Uimhir Iolra/Plural |
|---|---|
| **mo** – my | **ár** – our |
| **do** – your | **bhur** – your |
| **a** – his/her | **a** – their |



Nuair a bhainimid úsáid as aidiacht shealbhach sa Bhéarla ar nós *my*, *your*, *his*, *her*, ní chuireann sé isteach ar litriú an ainmfhocail a leanann é, mar shampla, *my family*, *your car*, *his work*, *her home*. Sa Ghaeilge, áfach, athraímid litriú an ainmfhocail go minic má chuirtear aidiacht shealbhach roimhe. Féach ar na samplaí thíos.

**Scríobh amach an riail** (*rule*) **i do chóipleabhar leis an sampla thíos:**

**Sampla**

| | | |
|---|---|---|
| **mo theaghlach** | = | my family |
| **do theaghlach** | = | your family |
| **a theaghlach** | = | his family |
| **a teaghlach** | = | her family |

Ní feidir **h** a úsáid i ndiaidh na gconsan **h, l, n, r**. Cén fáth? Féach ar na samplaí thíos. Cuir suas do lámh agus tabhair buille faoi thuarim.

| | | |
|---|---|---|
| **mo hata** | = | my hat |
| **do leabhar** | = | your book |
| **a nóta** | = | his note |
| **a rothar** | = | his bike |

Má chuirimid na focail **ár** (*our*), **bhur** (*your plural*) nó **a** (*their*) roimh ainmfhocail ní leanann séimhiú (**h**) iad. Cuirimid litir bhreise roimh an gconsan an babhta seo. Tugtar **urú** ar an litir bhreise seo. *An urú is simply an extra letter placed before the consonant at the beginning of a word.*

Seo thíos na huruithe éagsúla a úsáidtear roimh chonsain sa Ghaeilge:

mb gc nd bhf ng bp dt (no urú for h, l, m, n, r, s)

**Sampla**

**ár mbád / ár gcat**
**bhur ndeartháir / bhur bhfuinneog**
**a ngairdín /a bpeata /a dteach**

SAMPLACH



## 3. Scríobh é!

(a) **Féach ar na focail sa ghreille thíos a chonaic tú níos luaithe. Líon an chuid eile den ghreille anois.**

| An Aidiacht Shealbhach | Máthair | Deirfiúr | Deartháir | Cat |
|---|---|---|---|---|
| **mo** | | dheirfiúr | | |
| **do** | mháthair | | | |
| **a (his)** | | | dheartháir | |
| **a (her)** | | | deartháir | cat |
| **ár** | máthair | | | |
| **bhur** | | | | gcat |
| **a (their)** | | ndeirfiúr | | |

(b) **Déan do chuid freagraí a sheiceáil le do chomhdhalta.**

(c) **Bí ag obair le do chomhpháirtí anois agus scríobh na habairtí thíos gan na lúibíní.**

1. Bhí mé ag caint le [mo: máthair] ________________ ar m'fhón póca.
2. Thug Sorcha [a: cuid] ________________ nótaí Béarla dom.
3. Tá [ár: teach] ________________ suite ar imeall an bhaile.
4. An bhfuil [bhur: tuismitheoirí] ________________ ar saoire?
5. Beidh Conn ag bualadh [lena: cara] ________________ sa bhaile mór.
6. Ghortaigh Clíodhna [a: lámh] ________________ ar scoil inné.
7. D'fhág na daltaí [a: málaí scoile] ________________ ar an mbus.
8. Chuaigh [mo: deirfiúr] ________________ chuig dioscó aréir.

**Nóta**
**le + a = lena**

(d) **Cuir tic sa bhosca cuí i gcás na n-abairtí seo a leanas.**

| | | Ceart | Mícheart |
|---|---|---|---|
| 1. | Chuaigh Neasa go dtí an siopa lena cara. | ☐ | ☐ |
| 2. | Labhair Pádraig lena múinteoir. | ☐ | ☐ |
| 3. | Cár fhág na páistí a mboscaí lóin? | ☐ | ☐ |
| 4. | Dúirt Lorcán go raibh fearg ar a mháthair. | ☐ | ☐ |
| 5. | Tá ár gairdín an-mhór. | ☐ | ☐ |
| 6. | D'imir mo dheartháir cluiche peile inné. | ☐ | ☐ |
| 7. | Cuireann a dheirfiúr isteach go mór ar Orlaith. | ☐ | ☐ |
| 8. | 'Cá bhfuil bhur gcóipleabhair?' arsa an príomhoide. | ☐ | ☐ |



SAMPLACH

## 4. Abair é!

**Abair na focail thíos a bhaineann le baill an teaghlaigh os ard.**

**máthair – athair – mac – iníon – deartháir – deirfiúr – tuismitheoirí – seantuismitheoirí**

## 5. Éist!

(a) 28 **Éist leis na cuntais seo a leanas agus ansin líon na bearnaí le mo nó m' agus na hainmfhocail a leanann iad.**

1\.



Dia daoibh! Is mise Sorcha. Tá gruaig fhionn orm agus tá dath gorm ar ______________________ . Caitríona is ainm do ______________________ agus Fionnbarra is ainm do ______________________ . Tá ______________________ Seán níos sine ná mé.

2\.



Haigh! Josh is ainm domsa agus tá mé ceithre bliana déag d'aois. Tá gruaig dhonn orm agus tá dath donn ar ______________________ . Ella is ainm do ______________________ agus Mícheál is ainm do ______________________ . Tá ______________________ ina gcónaí in aice linn.

(b) **Cuir do chuid freagraí i gcomparáid leis na freagraí atá scríofa ag do chomhpháirtí.**

SAMPLACH

## 6. Obair bheirte

**Ligfidh Dalta A air/uirthi gurb é/í Sorcha agus ligfidh Dalta B air/uirthi gurb é/í Josh. Is féidir libh na cuntais a léamh dá chéile ar dtús agus na róil a mhalartú ansin.**

## 7. Scríobh é!

(a) **Cuardaigh eolas faoi bheirt daoine cáiliúla. Is féidir leat cuntais ghearra ar do rogha daoine cáiliúla a úsáid sa tasc seo. Scríobh an dá chuntas orthu sa chéad phearsa** (*in the first person, as if they were telling us about themselves*) **agus bain úsáid as mo nó m' nuair is gá. Is féidir leat grianghraif díobh a chur leis na cuntais.**

(b) **Is féidir na cuntais a chrochadh ar bhallaí an tseomra ranga. Ansin siúil timpeall an tseomra agus breathnaigh ar na cuntais atá scríofa ag na daltaí eile.**

# B Gaolta eile

## 1. Feasacht teanga

### An aidiacht shealbhach le gutaí

Ar thug tú faoi deara sa chleachtadh gramadaí deireanach ar leathanaigh 77–78 gur thosaigh na focail a lean an aidiacht shealbhach le consain ar nós **t**, **b**, **c**, **d**, srl? Sa chleachtadh seo a leanas tosaíonn na focail go léir le gutaí. Ciallaíonn an focal Gaeilge 'gutaí' *vowels*.

**Na gutaí:** **A O U I E**

Tá na gutaí **A**, **O** agus **U** leathan (*broad*) agus tá **I** agus **E** caol (*slender*).

**Sampla: aintín**

Féach ar an sampla thíos. An féidir leat na rialacha a fheiceáil? Nuair atá tú réidh, cuir suas do lámh agus déan seiceáil ar do fhreagra le do mhúinteoir.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **m'aintín** | = | my aunt | **ár n-aintín** | = | our aunt |
| **d'aintín** | = | your aunt | **bhur n-aintín** | = | your (pl) aunt |
| **a aintín** | = | his aunt | **a n-aintín** | = | their aunt |
| **a haintín** | = | her aunt | | | |

SAMPLACH

## 2. Scríobh é!



**(a) Cuir Gaeilge ar na focail seo a leanas. Má tá focal uait, bain úsáid as foclóir nó cuardaigh é** (*look for it*) **ar www.focloir.ie nó www.tearma.ie.**

1. My uncle
2. Your money
3. His face
4. Her homework
5. Our journal
6. Your (pl.) uniform
7. Their clothes

**(b) Féach ar an tábla seo a leanas agus líon na bearnaí.**

| An Aidiacht Shealbhach | Athair | Iníon | Aintín | Uncail |
|---|---|---|---|---|
| **mo** | m'athair | | m'aintín | |
| **do** | | d'iníon | | |
| **a (his)** | | | | a uncail |
| **a (her)** | | a hiníon | | |
| **ár** | | | ár n-aintín | |
| **bhur** | | | | bhur n-uncail |
| **a** | a n-athair | | | |

**(c) Bí ag obair le do chomhpháirtí anois agus scríobh na habairtí thíos gan na lúibíní agus as Gaeilge.**

1. D'ith mé [my apple] ________________ ag am lóin inniu.
2. Dúirt do dhaid leat [your homework] ________________ a dhéanamh.
3. Nigh Sibéal [her face] ________________ nuair a d'éirigh sí.
4. Ceapann Eithne agus Éadaoin go bhfuil [their uncle] ________________ an-ghreannmhar.
5. Chonaic Seán [his aunt] ________________ san ollmhargadh.
6. Chuir mé féin agus mo dheirfiúr glaoch ar [our father] ________________ .
7. 'An bhfuil [your journals] ________________ agaibh?' arsa an múinteoir.
8. An bhfaca sibh [my clothes] ________________ nua?' arsa Deirdre lena cairde.

**(d) Abair an bhfuil na habairtí seo ceart nó mícheart.**

| | Ceart | Mícheart |
|---|---|---|
| 1. D'inis mé an scéal ar fad do m'athair. | ☐ | ☐ |
| 2. D'fhan Síle i dteach a haintín aréir. | ☐ | ☐ |
| 3. Nigh Eoin a haghaidh sa seomra folctha. | ☐ | ☐ |
| 4. Is fuath le Niamh a héide scoile nua. | ☐ | ☐ |
| 5. Ceapann na páistí go bhfuil a n-uncail craiceáilte. | ☐ | ☐ |
| 6. Tá m'airgead sa bhanc agam anois. | ☐ | ☐ |
| 7. Chuaigh do aintín ar saoire inné. | ☐ | ☐ |
| 8. D'fhág Sinéad a amchlár sa bhaile. | ☐ | ☐ |

SAMPLACH

## 3. Éist!

(a) 29 Éist leis na cuntais agus cuir ✓ sa ghreille in aice leis na baill den teaghlach atá luaite i gcás Dhairine, Ruaidhrí agus Róisín.

| Ball den teaghlach | Dairine | Ruaidhrí | Róisín |
|---|---|---|---|
| máthair | | | |
| athair | | | |
| mac | | | |
| iníon | | | |
| deartháir | | | |
| deirfiúr | | | |
| páiste aonair | | | |
| tuismitheoirí | | | |
| cat | | | |
| uncail | | | |
| aintín | | | |
| seantuismitheoirí | | | |
| madra | | | |
| leasdeartháir (step brother) | | | |
| leasdeirfiúr (step sister) | | | |

(b) Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí do chomhpháirtí.

SAMPLACH

## 4. Abair é!

(a) Ag obair le do chomhpháirtí anois, déan cur síos ar theaghlaigh Dhairine, Ruaidhrí agus Róisín. Bainigí úsáid as ceisteanna den tsaghas seo más mian libh:

- Cé mhéad duine atá sa teaghlach?
- An bhfuil deartháir nó deirfiúr ag an duine?
- An bhfuil peata aige/aici?

(b) 30 **Éist go cúramach leis na ceisteanna. Abair os ard iad agus breac síos do chuid freagraí.**

1. Tabharfaidh do mhúinteoir bileog shuirbhé duit anois nó is féidir leat í a íoslódáil ó mentorbooks.ie/resources.
2. Lean na treoracha a thabharfaidh do mhúinteoir duit chun an suirbhé a chríochnú.
3. Téigh timpeall an ranga agus cuir ceist ar dheichniúr daltaí faoina dteaghlaigh ag baint úsáide as na ceisteanna.
4. Roinn do chuid freagraí leis an rang. Le chéile anois, aimsígí cúig cinn d'fhíricí (*five facts*) faoi bhaill teaghlaigh i do rangsa.
5. Cruthaigh póstaer, píchairt nó barrachairt chun na fíricí sin a shoiléiriú.

SAMPLACH

# C Ag comhaireamh daoine

## 1. Éist!

(a) 31 **Éist leis na huimhreacha pearsanta 1–20. Éist leo faoi dhó sa rang.** *Listen to the personal numbers* – the numbers we use in Irish to count people – *1-20. Listen to them twice in the class.*

**Le foghlaim**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | duine/duine amháin | 11 | aon duine d**h**éag |
| 2 | beirt | 12 | dháréag |
| 3 | triúr | 13 | trí d**h**uine d**h**éag |
| 4 | ceathrar | 14 | ceithre d**h**uine d**h**éag |
| 5 | cúigear | 15 | cúig d**h**uine d**h**éag |
| 6 | seisear | 16 | sé d**h**uine d**h**éag |
| 7 | seachtar | 17 | seacht **n**duine d**h**éag |
| 8 | ochtar | 18 | ocht **n**duine d**h**éag |
| 9 | naonúr | 19 | naoi **n**duine d**h**éag |
| 10 | deichniúr | 20 | fiche duine |

(b) 32 Éist agus cuir ciorcal timpeall na n-uimhreacha pearsanta a chloiseann tú idir 1–10 agus 11–20.

1 2 3 4 5

6 7 8 9 10

11 12 13

14 15 16 17

18 19 20

SAMPLACH



## 2. Abair é!

(a) Bí ag obair le do chomhpháirtí agus tabhair cuntas ar na teaghlaigh atá sna pictiúir A–D thíos.

**Mar shampla:**
Tá cúigear i dTeaghlach C. Tá máthair, athair, mac agus beirt iníonacha sa teaghlach sin.













SAMPLACH

(b) Is féidir leatsa cur síos a dhéanamh ar phictiúr amháin don rang agus caithfidh na daltaí eile buille faoi thuairim a thabhairt faoin bpictiúr atá i gceist agat.

(c) Roghnaigh clann cháiliúil agus déan cur síos uirthi i do chóipleabhar. Léigh amach don rang é. An féidir leis na daltaí eile an chlann a aithint?